**PREASEISIÚINT Uimh. 157/25**

**Lucsamburg, 18 Nollaig 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-448/23 | an Coimisiún v an Pholainn (Athbhreithniú *ultra vires* ar chásdlí na Cúirte – Tosaíocht dhlí an Aontais)

# An smacht reachta: sháraigh Cúirt Bhunreachtúil na Polainne roinnt bunphrionsabal de dhlí an Aontais trí neamhaird a thabhairt ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais

*Cinneann an Chúirt freisin nach binse neamhspleách neamhchlaonta í Cúirt Bhunreachtúil na Polainne, mar gheall ar neamhrialtachtaí tromchúiseacha i gceapadh triúr breithiúna agus an uachtaráin*

In dhá bhreithiúnas, dhearbhaigh Cúirt Bhunreachtúil na Polainne go raibh forálacha áirithe de na Conarthaí, arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais, ar neamhréir leis an mbunreacht náisiúnta agus cháiligh sí go sainráite cásdlí na Cúirte maidir leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil [1] mar chásdlí a sháraíonn na cumhachtaí a thugtar di (*ultra vires*). Agus é den tuairim go sáraítear leis na breithiúnais sin roinnt prionsabal bunúsach de dhlí an Aontais, lena n-áirítear tosaíocht dhlí an Aontais, thug an Coimisiún Eorpach caingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gcoinne na Polainne os comhair na Cúirte. Sheas an Chúirt leis an gcaingean sin agus chinn sí gur mhainnigh an Pholainn a hoibleagáidí a chomhlíonadh toisc gur sháraigh Cúirt Bhunreachtúil na Polainne prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí agus gur thug sí neamhaird ar thosaíocht, neamhspleáchas, éifeachtacht agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais, chomh maith le héifeacht cheangailteach chinntí na Cúirte. Seasann an Chúirt freisin le caingean an Choimisiúin a mhéid a bhaineann sí le neamhrialtachtaí tromchúiseacha lena gcuirtear ceapachán triúr breithiúna de Chúirt Bhunreachtúil na Polainne agus an uachtaráin ó bhail, rud a chaitheann amhras ar stádas na cúirte bunreachtúla sin mar bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú le dlí de réir bhrí dhlí an Aontais.

In dhá bhreithiúnas a tugadh an 14 Iúil agus an 7 Deireadh Fómhair 2021, dhearbhaigh Cúirt Bhunreachtúil na Polainne go raibh forálacha áirithe de na Conarthaí, arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ('an Chúirt'), ar neamhréir leis an mBunreacht náisiúnta. Tugadh na breithiúnais sin i gcomhthéacs chásdlí na Cúirte maidir le neamhspleáchas bhreithiúna na Polainne.

Tugann an dá bhreithiúnas sin neamhaird go bunúsach ar an dlínse a thugann an Chúirt do chúirteanna náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na nósanna imeachta chun breithiúna a cheapadh, lena n-áirítear rúin ó Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna sa Pholainn ('KRS'), agus rialú a thabhairt ar chineál lochtach na nósanna imeachta sin. [2] Ina theannta sin, diúltaíonn siad do na bearta eatramhacha a d'fhorchuir an Chúirt Bhreithiúnais maidir le heagrú agus dlínse chúirteanna na Polainne agus don nós imeachta os comhair na gcúirteanna sin. [3]

Agus é den tuairim go sáraíonn breithiúnais Chúirt Bhunreachtúil na Polainne prionsabail na cosanta breithiúnaí éifeachtaí, an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta, chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus prionsabal éifeacht cheangailteach chásdlí na Cúirte Breithiúnais, thug an Coimisiún Eorpach [4] caingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gcoinne na Polainne os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Ina chaingean, líomhnaíonn an Coimisiún freisin neamhrialtachtaí i gceapadh triúr breithiúna [5] agus uachtarán

Chúirt Bhunreachtúil na Polainne. [6] Sonraíonn sé nach binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí í an chúirt sin.

Ina breithiúnas, **sheas an Chúirt le caingean an Choimisiúin ina hiomláine agus chinn sí nár chomhlíon an Pholainn a hoibleagáidí**.

Tugann an Chúirt faoi deara go bhfuil an breithiúnas a thug Cúirt Bhunreachtúil na Polainne an 7 Deireadh Fómhair 2021 ag teacht salach ar phrionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí a mhéid, gan aird a thabhairt ar chásdlí na Cúirte, go n-eisiatar leis dlínse na gcúirteanna náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na nósanna imeachta chun breithiúna a cheapadh, lena n-áirítear rúin KRS lena moltar iarrthóirí don cheapachán sin, agus rialú a thabhairt ar chineál lochtach na nósanna imeachta sin. Ar an gcaoi chéanna, lena breithiúnas an 14 Iúil 2021, sháraigh Cúirt Bhunreachtúil na Polainne an prionsabal sin trí dhiúltú aitheantas a thabhairt d'éifeacht cheangailteach na mbeart eatramhach arna bhforchur ag an gCúirt a bhaineann le heagrú agus dlínse chúirteanna na Polainne agus leis an nós imeachta os comhair na gcúirteanna sin.

**Leis na breithiúnais atá i gceist, caitear amhras freisin ar shaintréithe bunúsacha dhlíchóras an Aontais,** ós rud é go ndiúltaíonn siad do phrionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais, chomh maith le prionsabal éifeacht cheangailteach chásdlí na Cúirte Breithiúnais trí chosc a chur ar údaráis phoiblí na Polainne rialacha dhlí príomha an Aontais a chur i bhfeidhm.

Meabhraíonn an Chúirt **nach féidir leis an bPolainn brath ar a féiniúlacht bhunreachtúil** chun dul timpeall ar an urraim do chomhluachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, amhail an smacht reachta, cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus neamhspleáchas breithiúnach. Tá na luachanna sin mar bhonn agus mar thaca ag féiniúlacht an Aontais féin, rud ar chloígh an Pholainn leis faoi shaoirse. **Tar éis an aontachais, cuirtear na luachanna seo i bhfeidhm in oibleagáidí ceangailteacha ó thaobh dlí de, nach féidir leis na Ballstáit iad féin a shaoradh uathu**.

Thairis sin, **ní féidir le cúirteanna náisiúnta méid agus teorainneacha na n-inniúlachtaí a thugtar don Aontas a chinneadh go haontaobhach**. Is gá go mbeadh léiriú ar dhlí an Aontais i gceist leis na ceisteanna sin agus tagann siad, i gcóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh arna bhunú leis na Conarthaí, go heisiach faoi dhlínse Chúirteanna an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, cuireann neamhspleáchas agus éifeachtacht dhlíchóras an Aontais cosc ar aon athbhreithniú seachtrach ar chinntí na Cúirte i bhfeidhmiú a dlínse eisiaiche chun léiriú cinntitheach agus ceangailteach a thabhairt ar dhlí an Aontais agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha an Aontais. Ní féidir aon amhras ar na cúirteanna náisiúnta maidir le raon inniúlachtaí an Aontais nó bailíocht gnímh de dhlí an Aontais toisc go sáraíonn sé raon inniúlachtaí an Aontais nó toisc nach gcomhlíonann sé an ceanglas atá ar an Aontas Eorpach féiniúlacht náisiúnta na mBallstát a urramú [7] a réiteach ach amháin i gcomhthéacs idirphlé leis an gCúirt Bhreithiúnais, trí nós imeachta um réamhrialú. Is amhlaidh atá fiú nuair a bhaineann na hamhrais sin le léiriú ar dhlí an Aontais ag an gCúirt.

Ar deireadh, is é conclúid na Cúirte go raibh ceapadh triúr breithiúna de Chúirt Bhunreachtúil na Polainne i mí na Nollag 2015 agus an uachtaráin i mí na Nollag 2016 curtha ó bhail mar gheall ar sháruithe ar rialacha bunúsacha maidir le nósanna imeachta ceapacháin sa Pholainn. Mar thoradh air sin, **ní chomhlíonann Cúirt Bhunreachtúil na Polainne ceanglais binse arna bhunú le dlí, atá neamhspleách agus neamhchlaonta de réir bhrí dhlí an Aontais**.

**NÓTA:** Féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát eile imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Ballstáit mar gheall ar a mhainneachtain in oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil mainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, ní mór don Bhallstát lena mbaineann déanamh de réir an bhreithiúnais a luaithe is féidir. I gcás ina measann an Coimisiún nach ndearna an Ballstát de réir an bhreithiúnais, féadfaidh sé caingean nua a thabhairt ag lorg píonóis airgeadais. Mar sin féin, i gcás nach gcuirtear bearta lena

dtrasuítear Treoir in iúl don Choimisiún, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais píonóis a ghearradh, ar togra ón gCoimisiún, ag céim an chéad bhreithiúnais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] A chumhdaítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

[2] Breithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne),* Cás C-824/18 (féach preaseisiúint Uimh. 31/21) agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W. Ż. (Seomra Neamhghnách Rialaithe agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapadh)*, C-487/19 (féach preaseisiúint Uimh. 173/21).

[3] Chuir ordú na Cúirte an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Réimeas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19 R (féach preaseisiúint Uimh. 47/20), iallach ar an bPolainn cur i bhfeidhm na bhforálacha lena dtugtar dlínse do Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí rialú a dhéanamh ar chúrsaí araíonachta a bhaineann le breithiúna a chur ar fionraí. Bhí sé mar chuspóir ag an mbeart sin an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chaomhnú, i bhfianaise gur cuireadh amhras ar neamhspleáchas agus ar neamhchlaontacht an tseomra araíonachta.

[4] Féach preaseisiúint ón gCoimisiún.

[5] I mí na Nollag 2015, thogh an tOchtú Reachtas den Sejm triúr breithiúna chun ionad breithiúna a raibh a dtéarmaí imithe in éag cé go raibh triúr breithiúna eile tofa ag an Seachtú Reachtas cheana féin do na poist chéanna seo i mí Dheireadh Fómhair 2015. Rialaigh Cúirt Bhunreachtúil na Polainne, ina breithiúnais an 3 Nollaig agus an 9 Nollaig 2015, go raibh toghchán an triúr breithiúna ag an Ochtú Reachtas contrártha leis an mBunreacht. Mar sin féin, cuireadh an triúr breithiúna a toghadh i mí na Nollag 2015 faoi mhionn os comhair Uachtarán na Polainne agus ceadaíodh dóibh suí, ach ní raibh na breithiúna a toghadh i mí Dheireadh Fómhair in ann dul i mbun oifige.

[6] Tionóladh an tionól ginearálta chun iarrthóirí a ainmniú don phost seo ar an lá céanna a bhí sé sceidealaithe le bheith ar siúl agus níor thug sé le chéile gach breithiúna den Chúirt Bhunreachtúil (bhí duine amháin as láthair). I measc na gceithre bhreitheamh déag a bhí i láthair, dhiúltaigh ochtar páirt a ghlacadh sa vóta, ag éileamh go gcuirfí siar é chun go bhféadfaí cúig bhreitheamh déag a bheith i láthair. Toghadh an t-iarrthóir uachtaránachta, a cheap Uachtarán na Polainne ina dhiaidh sin, le cúig vóta, lena n-áirítear vótaí na dtrí bhreitheamh a raibh a gceapachán faoi dhíospóid cheana féin. Mar sin féin, measadh go raibh cur i láthair iarrthóirí nach raibh tacaíocht tromlach na mbreithiúna acu contrártha do Bhunreacht na Polainne.

[7] De réir Airteagal 4(2) CAE.